

1. **Téigh** abhaile.
Téigi abhaile. **Go** home.
[Y'all] **go** home.

2. **Chuaigh** mé abhaile.
An ndeachaigh tú abhaile?
Chuaigh / Ní dheachaigh
Nach ndeachaigh sé abhaile?
Ní dheachaigh sí abhaile.
Chuamar abhaile. I **went** home.
Did you **go** home?
Yes (**went**) / No (**didn't go**)
Didn't he **go** home?
She **didn't go** home.
We went home.
Did y'all **go** home.
They **didn't go** home.
Where did you **go**?

3. **Téim** abhaile ag a sé.
An dtéann tú abhaile ag a sé?
Téim / Téann
Ní théim / Ní théann
Nach dtéann sé abhaile ag a sé?
Ní **théann** sí abhaile ag a sé.
Téimid abhaile ag a sé.
An dtéann sibh abhaile ag a sé?
Téann siad abhaile ag a sé.
Cá dtéann tú ar maidin? I **go** home at six.
Do you **go** home at six.
Yes (**I go / go**)
No (**I don't go / don't go**)
Doesn't he **go** home at six?
She **doesn't go** home at six.
We go home at six.
Do y'all **go** home at six.
They **go** home at six.
Where do you **go** in the morning?

4. **Rachaidh** mé abhaile ag a sé.
An rachaidh tú abhaile ag a sé?
Rachaidh / Ní rachaidh
Nach rachaidh sé abhaile ag a sé.
Ní **rachaidh** sí abhaile ag a sé.
Rachaidh muid abhaile ag a sé.
An rachaidh sibh abhaile ag a sé?
Rachaidh siad abhaile ag a sé.
Cá rachaidh tú ar maidin? I **will go** home at six.
Will you **go** home at six.
Yes (**will go**) / No (**won't go**)
Won't he **go** home at six?
She **won't go** home at six.
We **will go** home at six.
Will y'all **go** home at six.
They **will go** home at six.
Where will you **go** in the morning?

5. **Rachainn** abhaile.
An rachfá abhaile?
Rachainn / Ní rachainn
Nach rachadh sé abhaile?
Ní **rachadh** sí abhaile.
Rachaimis abhaile. I **would go** home.
Would you **go** home.
Yes (**I would go**) / No (**I wouldn't go**)
Wouldn't he **go** home?
She **wouldn't go** home.
We would go home.
Would you **go** home.
They **would go** home.
Where would you **go**?

6. **Cá bhfuil** tú **ag dul**?
Ar mhaith leat **dul** abhaile? Where are you **going**?
Would you like **to go** home?

Comhrá

A: **An ndeachaigh** tú go hÉirinn riamh?

B: **Ní dheachaigh. An ndeachaigh** tusa ann?

A: **Chuaigh. Chuaigh** mé ann anuraidh.

B: **An dtéann** tú ann go minic?

A: **Téann. Téim** ann minic go leor.

B: **An rachaidh** tú ann i mbliana?

A: **Ní Rachaidh** i mbliana.

Rachaidh mé ann an bhliain seo chugainn.

B: Ba bhreá liomsa **dul** ann.

A: **An rachfá** ann liomsa?

B: **Rachainn**, cinnte.

Ceisteanna

1. **An ndeachaigh** tú go hAlbain riamh?

2. **An ndeachaigh** tú thar lear riamh?

3. **An dtéann** tú ag snámh go minic?

4. **An dtéann** tú chuig ceolchoirmeacha?

5. **An rachaidh** tú go hÉirinn i mbliana?

6. An fearr leat **dul** ar bhus nó ar thraein?

7. **An rachfá** ag rith ar an trá?

8. **Cá ndeachaigh** tú inné?

9. **Cá dtéann** tú ar an Satharn?

10. **Cá rachaidh** tú sa samhradh?

Conversation

Did you ever **go** to Ireland?

No (**didn't go**). **Did** you **go** there.

Yes (**went**). I **went** there last year.

Do you **go** there often?

Yes (**go**). I **go** there quite often.

Will you **go** there this year?

Not (**won't go**) this year.

I **will go** there next year.

I would love **to go** there?

Would you **go** there with me?

Yes (**I would go**), of course.

Questions

Did you ever **go** to Scotland?

Did you ever **go** overseas?

Do you **go** swimming often?

Do you **go** to concerts?

Will you **go** to Ireland this year?

Do you prefer **to go** on a bus or a train?

Would you **go** running on the beach?

Where did you **go** yesterday?

Where do you **go** on Saturday?

Where will you **go** in the summer?

Dúnmharú ar an Dart
le Ruaidhraí Ó Báille

1. “A Niall, an bhfuil an liosta sin de na scoláirí atá ag dul ar an turas go Londain agat?”
2. “Tá, tá sé i mo chás agam.
3. An bhfuil sé uait anois?”
4. “Ó, níl. Ní raibh a fhios agam cá raibh sé, sin an méid.
5. Ó, rud eile, beidh an scoil dúnta amárach.
6. Beidh mé ag caint leat Dé Luain. Slán.”
7. Nuair a d’fhág Niall slán ag ‘Biggles’, chuaigh sé chun a chás a fháil.
8. Ba mhaith leis bheith cinnte go raibh an liosta aige.
9. Isteach leis go dtí an parlús.
10. Fuair sé an cás agus d’oscail sé é.
“Aaaaaaaaaaaaaah!”
11. Thit an cás as a láimh, ag bualadh vása a bhí ar an mbord caife i lár an tseomra agus ag déanamh smidiríní de.
12. Nuair a chuala Máire an scread, rith sí síos an staighre agus isteach sa pharlús ar nós na gaoithe.
13. “In ainm Dé, cad tá?”
14. Chonaic sí Niall ina shuí ar an mbord caife, a dhá shúil chomh mór le cúpla clog.
15. Bhí sé ag féachaint ar an urlár.
16. Bhí an cás oscailte, agus bhí nótaí bainc gach áit.
17. Nótaí £50 (caoga punt) Sterling ar fud an pharlúis!
18. “Cá bhfuair tú an t-airgead sin?” ar sise.
19. Bhí a súile féin chomh mór le súile Niall anois.
20. “Bhí sé sa chás!”
21. “Ach dúirt tú liom ar maidin gur cóipleabhair 3G a bhí sa chás!”

Murder on the Dart
by Ruadhraí Ó Báille

- “Niall, do you have that list of the students that are going on the trip to London?”
- “Yes, I have it in my briefcase. Do you need it now?”
- “Oh, no. I didn’t know where it was; that’s all.
- Oh, another thing. The school will be closed tomorrow.
- I’ll talk to you on Monday. Goodbye.”
- When Niall said goodbye to ‘Biggles’, he went to get his briefcase.
- He wanted to be sure that he had the list.
- He [went] into the parlor.
- He got the briefcase and he opened it.
- “Aaaaaaaaaaaaaah!”
- The briefcase fell from his hand, striking a vase that was on the coffee table in the middle of the room and shattering it to smithereens.
- When Mary heard the scream, she ran like the wind, down the stairs and into the parlor.
- “In God’s name, what are ...?”
- She saw Niall seated on the coffee table, his two eyes as big as a couple clocks.
- He was looking at the floor.
- The briefcase was open, and there were banknotes everywhere.
- £50 (fifty pound) Sterling notes all over the parlor.
- “Where did you get that money?” she said.
- Her own eyes were as big as Niall’s eyes now.
- “It was in the briefcase!”
- But you told me in the morning that the 3G copybooks were in the briefcase.